



Téama

Daonáireamh Ranga ~ Ciall a bhaint as an Daonáireamh!

Cuspóirí

Go gcuirfear ar chumas an pháiste:

- Míniú céard é an daonáireamh agus cur síos a dhéanamh ar na céimeanna i bpróiseas an daonáirimh
- foirm Dhaonáirimh 2016 a scrúdú
- ceisteanna maidir le Daonáireamh 2016 a chur agus a fhreagairt
- ceisteanna a bheidh ar Fhoirm Dhaonáirimh 2016 a phlé
- bealaí le sonraí daonáirimh a úsáid a phlé
- ceisteanna do fhoirm an Daonáirimh Ranga a chruthú
- sonraí a bhailiú, a chur in iúl, anailís a dhéanamh orthu agus míniú a bhaint astu.

Modheolaíochtaí

- ✓ Réiteach Fadhbanna
- ✓ Foghlaim i gcomhar lena chéile
- ✓ Úsáid a bhaint as an Timpeallacht
- ✓ Foghlaim ghníomhach
- ✓ Scileanna tríd Toilleadh
- ✓ Caint agus Díospóireacht

Scileanna Matamaiticiúla

- ✓ Cuir i bhfeidhm agus Réiteach Fadhbanna
- ✓ Cumarsáid a dhéanamh agus Léiriú
- ✓ Comhtháthú agus Ceangail
- ✓ Réasúnú
- ✓ Cuir i ngníomh
- ✓ Tuiscint agus Athchuidimhniú

Tascanna

- Caint agus díospóireacht – príomh smaointe agus céimeanna i bpróiseas an daonáirimh; Foirm Dhaonáirimh 2016; daonáireamh ranga a dhéanamh
- Obair Aonair/Bheirte – foirm dhaonáirimh a chomhlánú; graif a chruthú leis na teimpléid ar fáil
- Imeacht don rang ar fad – scór a fháil ar na torthaí ó fhoirmeacha daonáirimh, anailís a dhéanamh ar na sonraí, na sonraí a chur in iúl le hábhair choincréite
- Seisiún díospóireachta – plé a dhéanamh ar chéimeanna sa phróiseas agus iad a shoiléiriú

Teastaíonn

- Acmhainn 3.1 Daonáireamh 2011 ~ Ceisteanna Nua
- Acmhainn 3.2 Daonáireamh 2016 ~ Príomhcheisteanna
- Acmhainn 3.3 Foirm Dhaonáirimh Ranga
- Acmhainn 3.4 Scór don Daonáireamh Ranga
- Acmhainn 3.5 Teimpléad don Scór Teaghlach
- Acmhainn 3.6 Teimpléid Ghraif ~ Cé mhéad inár dteaghlach?
- Acmhainn 3.7 Teimpléad don Phlota Líne

Príomhtheachtairachtaí

- Is féidir daonáireamh a dhéanamh ag leibhéal éagsúla – leibhéal náisiúnta, seomra ranga
- Tá sé tábhachtach ceisteanna a chur a chuirfidh an t-eolas a theastaíonn ar fáil.
- Ní mór do gach duine a bheith páirteach.
- Bailítear an t-eolas agus déantar na freagraí ar na ceisteanna ar fad a chomhaireamh.
- Úsáidtear an t-eolas bailithe le planáil don todhchaí.

Comhtháthú agus Nascáil:

Gaeilge: Teanga Labhartha: Caint agus díospóireacht, ceisteanna a chur, ceisteanna a fhreagairt, réasúnú, cuir síos, míniú, comparáid a dhéanamh.....

Drámaíocht: Daonáireamh ranga – is féidir ról a thabhairt do na páistí mar shampla, áiritheoir, foireann na POS.....

Mata: Sonraí a bhailiú agus a chur in iúl

Forbairt Teanga: *Daonáireamh, rialtas, teaghlach, bailigh, ceist, eolas, foirm, iarr, Dé Domhnaigh, Aibreán, daonra, taifead, planáil, todhchaí, seiceáil, comhaireamh, tábhachtach, cinneadh, ceisteanna coitianta, éigeantach, faoi rún, tuairisceán, go leictreonach, taifead, torthaí, réiteach, cosc, fadhb, graf, blocghraf, barrachairt, graf barralíne, plota líne, cur in iúl, mínigh, déan anailís ...*

Measúnú

Déanfar measúnú ar na páistí agus iad ag:

- déanamh cur síos ar na céimeanna i bpróiseas an Daonáirimh
- plé agus ag déanamh anailís ar fhoirm 2016
- cur príomhcheisteanna a chuirfidh ar fáil an t-eolas a theastaíonn don daonáireamh ranga
- comhlánú foirm dhaonáirimh
- tógáil scóir do na freagraí ar cheisteanna an daonáirimh
- cur sonraí bailithe in iúl i bhformáid choincréite / graif cur síos ar cén chaoi ar cuireadh an daonáireamh ranga i gcrích

Pointí Airde don Mhúinteoir

Déan nóta i leabhar nótaí d'aon eachtraí tábhachtacha a thugann tú faoi deara, mar shampla páiste a bhfuil deacracht aige/aici na ceisteanna tábhachtacha a chur agus a fhreagairt, cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas, an fhoirm dhaonáirimh a chomhlánú nó na freagraí a chomhaireamh. Tabhair faoi deara freisin aon pháistí go dteastaíonn dúshlán níos mó uathu agus bain úsáid as na moltaí tugtha san obair bhreise.

Obair Bhreise

- Cruthaigh bord/áit taispeántais don Tógra Daonáirimh Ranga.
- Bailigh sonraí ó rang nó ranganna eile sa scoil agus cuir i gcomparáid iad le sonraí do rang féin.
- Déan fiosrúcháin ranga/scoile lena mbaineann bailiúchán sonraí.

Naisc Bhaile/Scoile

D'fhéadfadh na páistí foirm dhaonáirimh a dhearadh lena dteaghlach. Comhlánaigh foirm shamplach daonáirimh mar obair bhaile. Tabhair cuairt ar www.cso.ie agus scrúdaigh cuid den eolas bailithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

Nótaí an Mhúinteora - Ceacht a 3



Réamhrá

Plé agus Díospóireacht

Dul siar ar na príomhtheachtaireachtaí ó Cheachtanna a 1 agus a 2 - Céard is cuimhin linn?

- Iarrtar ar na páistí liosta a dhéanamh de na céimeanna i bpróiseas an daonáirimh. Beidh an scéal balla a chruthaigh na páistí i gCeacht a Dó ina threoir dóibh leis an bpróiseas a athinsint [Acmhainn 2.1].
- Ag baint úsáide as an mbileog oibre ‘Stair an Daonáirimh in Éirinn’ [Acmhainn 2.2] agus as an gcárta ‘Stair Bhlianta Daonáirimh’ [Acmhainn 2.3], is féidir dul siar ar stair an Daonáirimh in Éirinn.
- Is féidir leis na páistí dul siar freisin ar an eolas a scrúdaigh siad maidir le staitisticí daonra ó Dhaonáireamh 2006 [Acmhainní 2.4 – 2.7].

Forbairt

- I gCeacht a hAon, d’fhoglaím na páistí go bhfuil go leor ceisteanna ar an bhFoirm Dhaonáirimh a mbeidh in úsáid ag an rialtas le pleanáil do scoileanna, ospidéal / seirbhísí sláinte, iompar agus réimsí eile. Mar sin, tá sé tábhachtach ceisteanna a chur a chuirfidh an t-eolas a theastaíonn ar fáil.
- Spreag na páistí le smaoineamh faoi na ceisteanna a d’fhéadfadh a bheith ar Fhoirm Dhaonáirimh.
- Is féidir leis na páistí cóip de fhoirm ó Dhaonáireamh 2016 a scrúdú.
- Tabhair cuairt ar shuíomh idirlín an Daonáirimh agus déan cóip den fhoirm a íoslódáil:
<http://census/ga/the-census-and-you/the-census-form/>
- Is féidir leis na páistí oibriú i ngrúpaí ar mhíreanna éagsúla den fhoirm dhaonáirimh agus na ceisteanna a phlé. Tá sé tábhachtach go ndéanann na páistí macnamh ar cén fáth gur cuireadh gach ceist agus cén t-eolas a bhí á lorg ag an gceist.
- Iarr ar an páistí an gceapann siad go raibh na ceisteanna céanna ar fhoirm Dhaonáirimh 2011 agus a bhí ar fhoirm Dhaonáirimh 1911. Spreag na páistí lena bhfreagraí a mhíniú. Cén ceisteanna a cheapann siad a cuireadh leis an bhfoirm dhaonáirimh síos tríd na blianta? Cén fáth?
- Mínigh do na páistí go raibh dhá cheist nua san áireamh ar fhoirm Dhaonáirimh 2011.

- Bain úsáid as ‘Daonáireamh 2011 – Ceisteanna Nua’ [Acmhainn 3.1] leis an dá cheist nua a scrúdú i.e.

1. An labhraíonn tú teanga seachas Gaeilge nó Béarla sa bhaile?

Cén teanga í sin?

Cén cumas labhartha an Bhéarla atá agat?

An-mhaith ☐ Go maith ☐ Go dona ☐ Ní labhraíonn ☐

2. Conas atá do shláinte ghinearálta?

An-mhaith ☐ Go maith ☐ Réasúnta ☐ Go dona ☐ An-dona ☐

- Spreag na páistí le smaoineamh cén fáth go bhfuil na ceisteanna seo curtha san áireamh anois ar an bhfoirm agus cén úsáid atá i gceist ag an bPríomh-Oifig Staidrimh a bhaint as an eolas sa todhchaí. Bain úsáid as Acmhainn 3.1 le míniú a fháil cén fáth go bhfuil na ceisteanna seo curtha san áireamh, mar shampla:

1. Ceist Teanga

Inseoidh na freagraí ar an gceist seo cén teangacha eile a labhraítear sa bhaile agus cumas an Bhéarla labhartha i measc na ndaoine a labhraíonn teanga seachas Béarla nó Gaeilge sa bhaile. Beidh sonraí ann maidir leis na teangacha eile seachas Béarla nó Gaeilge atá á labhairt ag teaghlaigh.

Beidh eolas tugtha freisin maidir le leibhéal an Bhéarla atá á labhairt ag daoine a bhfuil teanga eile acu seachas Béarla mar theanga dhúchais. Is féidir an t-eolas seo a úsáid le hacmhainní stáit a dhíriú ar réimsí ar nós oideachas agus sláinte le tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil deacrachtaí acu le Béarla a labhairt.

2. Ceist Sláinte

Iarrtar ar gach duine cén chaoi a bhfuil a sláinte ghinearálta. Léiríonn staidéir naisc láidre idir an dearcadh atá ag daoine ar a sláinte agus fíor stad a sláinte. Tabharfaidh na freagraí ar an gceist seo pictiúr de shláinte daoine trasna na tíre agus cén gaol atá idir sláinte agus fachtóirí éagsúla, mar shampla aois, &rl.

Tá fianaise ann go bhfuil baint idir sonraí bailithe ón gceist seo agus leibhéal chúraim sláinte sa todhchaí. Is ceist í seo atá in úsáid freisin i dTuaisceart Éireann agus mar seo beidh staitisticí don “oileán iomlán” ar fáil.

- D’fhéadfaí ansin scrúdú a dhéanamh ar na príomhcheisteanna ar fad ar Fhoirm Dhaonáirimh 2016 [Acmhainn 3.2].
- Mínigh do na páistí go bhfuil siad le daonáireamh ranga a dhéanamh anois.
- Déan na céimeanna sa phróiseas scrúdaithe don daonáireamh seo a phlé leis na páistí:

Déanfaidh na páistí na rudaí seo a leanas

1. Foirm dhaonáirimh a dhearadh
2. An fhoirm dhaonáirimh a dháileadh ar na daoine i láthair
3. An fhoirm a chomhlánú
4. Na foirmeacha daonáirimh a bhailiú
5. Na freagraí ar fad ó na foirmeacha daonáirimh a chomhaireamh agus a thaifead
6. Graif a chruthú leis an eolas a thaispeáint
7. Cinneadh cén chaoi gur féidir an t-eolas a úsáid



Nóta: B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach grianghrafanna a thógáil de gach céim den phróiseas fiosrúcháin seo le cúnamh a thabhairt dul siar ar na príomhchoincheapa agus mar acmhainn le cúnamh a thabhairt do pháistí an próiseas a mhíniú do dhaoine eile.

- Tabhair cúnamh do na páistí foirm dhaonáirimh a dhearadh nó úsáid an Fhoirm Dhaonáirimh atá curtha ar fáil [Acmhainn 3.3]
- Tóg daonáireamh ranga agus spreag na páistí le ról na ndaoine i bpróiseas an daonáirimh a thógáil, mar shampla
 1. Ceap áiritheoir leis na foirmeacha daonáirimh a dháileadh.
 2. Déanfaidh an t-áiritheoir ceistanna an daonáirimh a mhíniú don rang.
 3. Comhlánóidh páistí faoi leith foirm ranga daonáirimh. [Acmhainn 3.3]
 4. Baileoidh an t-áiritheoir na foirmeacha comhlánaithe daonáirimh agus tabharfaidh sé/sí chuig lár 'oifig' iad.
 5. Déanfaidh foireann páistí na freagraí a chomhaireamh ag baint úsáide as an mbileog scóir atá curtha ar fáil [Acmhainn 3.4]. Is féidir an bhileog scóir a thaispeáint ar an gClár Bán Idirghníomhach agus déantar torthaí gach ceist chomhlánaithe mar fhreagraí a chomhaireamh.

Líon na bpáistí sa rang
Líon na mbuachaillí i ngach rang
Líon na gcailíní i ngach rang
Mí a laethanta breithe
Náisiúntacht
Teangacha a labhraíonn siad
Modh taistil
Achair á dtaisteal
Cineálacha tithe
Úinéireacht RP / ríomhaire glúine
Banda leathan



- Mínigh do na páistí go dtugtar 'sonraí' ar an eolas seo freisin. Iarr ar na páistí smaoineamh ar gach ceist/freagra ceann i ndiaidh a chéile agus cén fáth go bhfuil an píosa eolais seo á bhailiú agus cén úsáid go bhféadfaí a bhaint as, mar shampla
 - ✓ Ainmneacha páistí: le taifead a choinneáil ar thinreamh, liostaí ranga a úsáid mar liostaí seiceála
 - ✓ Dátaí breithe: Aois na bpáistí a fháil amach, páistí a chur ag an leibhéal ranga ceart...
 - ✓ Náisiúntacht: le gach náisiúntacht inár scoileanna a chur san áireamh agus le múineadh do na páistí maidir le tíortha eile agus cultúir eile
 - ✓ Teangacha á labhairt: le soláthar a dhéanamh do pháistí nach labhraíonn Béarla nó Gaeilge mar chéad theanga, le teagmháil a dhéanamh le teaghlaigh, le taispeántais seomra ranga a chruthú, le timpeallacht lán le hábhar priontáilte i dteangacha eile a chruthú, le teangacha eile a chur ós comhair na bpáistí..
 - ✓ Taisteal chun na scoile: le gach cineál modh taistil a chur san áireamh, mar shampla áiseanna pairceála, stop-bus, bealaí siúl agus moltaí maidir le carranna a roinnt ...
 - ✓ Úinéireacht RP: le gníomhaíochtaí oideachais a chur ar fáil gur féidir leanacht leo sa bhaile ag baint úsáide as teicneolaíocht, le scoileanna teicniúla na bpáistí a fheabhsú.....
 - ✓ Banda leathan: le naisc a chruthú idir an mbaile agus an scoil tríd ríomh-phost, suíomh idirlín scoile, gníomhaíochtaí gur féidir leanacht leo le suímh idirlín idirghníomhacha...


- Roghnaigh sonraí ó fhoirm an daonáirimh le cur in iúl i bhformáid choincréite, mar phictiúr nó mar ghraf, mar shampla, Cé mhéad inár dteaghlaigh?

Sonraí a Bhailiú

- Bain úsáid as an mBileog Scóir don Daonáireamh Ranga [Acmhainn 3.4] nuair atá na sonraí curtha le chéile ó fhoirmeacha aonair Dhaonáirimh Ranga nó úsáid bileog faoi leith scóir ar thaispeáint ar an gclár bán idirghníomhach le dul siar ar na sonraí leo féin [Acmhainn 3.5]. Beidh deis anseo taispeáint do na páistí cén chaoi a ndéantar an scór a choinneáil ar fhreagraí i ngrúpaí de chúig (ceithre líne ingearach agus an cúigiú líne trasna an ghrúpa) mar shampla:




- Iarr ar roinnt páistí glaoch amach cé mhéad atá ina dteaghlaigh agus déan gach freagra a thairgead ar an mbileog scóir. Gach uair a dhéantar uimhir a ghlaigh amach cuir líne sa cholún ceart scóir.
- Nuair atá freagra tugtha ag gach páiste is féidir na hiomláin do gach rannóg a ríomh ansin.




Sonraí a chur in iúl

- Nuair atá na sonraí bailithe, déan plé ar na bealaí is fearr leis na sonraí seo a chur in iúl, mar shampla blocghraf, barrachairt, graf barralíne ... D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach roinnt samplaí a bheith ann de gach cineál graif le plé – d'fhéadfá úsáid a bhaint as cuid atá déanta acu cheana do rudaí eile nó samplaí a thógáil ó irisleabhair.
- Bain úsáid ag teimpléid ghraif le cúnamh a thabhairt do na páistí ceann de na graif thuasluaite a chruthú. Is féidir cineálacha éagsúla graif a chruthú i ngrúpaí éagsúla páistí. D'fhéadfaí iad seo a chur ar thaispeáint sa seomra ranga agus a bheith ina n-ábhar díospóireachta [Acmhainn 3.4].
- Deis iontach atá anseo leis an bplota líne a mhíniú do na páistí. Is 'comhaireamh' úsáideach é plota líne do rudaí ar scála uimhriúil. Le plota líne a dhéanamh déantar líne uimhir a tharraingt agus cuirtear X taobh thuas den luach cuí ar an líne do gach píosa sonraí. Buntáiste amháin a bhaineann leis an bplota líne go mbíonn gach píosa sonraí léirithe ar an ngraf. Tá sé an-simplí freisin mar ghraf do na daltaí le cruthú.


- Oibríonn na páistí i ngrúpaí beaga agus úsáideann siad ciúbanna le taispeáint cé mhéad atá ina dteaghlaigh, mar shampla



- Cuireann an rang na torthaí le chéile ansin agus gach páiste ag baint úsáide as maide ciúbanna le léiriú cé mhéad atá ina t(h)eghlach, mar shampla




- Is féidir ansin na sonraí seo a scrúdú agus a mhíniú agus a chur in iúl ar bhealach níos cuimsí, mar shampla, tá beirt sa teaghlach ag duine amháin, triúr a bhfuil triúr ina dteaghlaigh, triúr le ceathrar ina dteaghlaigh Is féidir é seo a chur in iúl le sraith eile ciúbanna:




- D'fhéadfai é seo a chur in iúl go han-simplí le ribín daite agus pionna éadaí, mar shampla



- Nuair a thuigeann na páistí an próiseas go hiomlán, is féidir leo na sonraí seo a chur in iúl i bhformáid ghraif, mar shampla plota líne:



Bain úsáid as an Teimpléad do Phlota líne curtha ar fáil [Acmhainn 3. 7]



Sonraí a mhíniú agus a úsáid le fadhbanna a réiteach

- Déan cinneadh cén chaoi go bhféadfaí na sonraí a úsáid le planáil do thodhchaí na scoile.

Díospóireacht ~

Céard iad na buntáistí a bhaineann leis an eolas seo a bheith ar fáil?

An mbeadh an t-eolas seo mórán mar an gcéanna gach bliain?

An mbeadh an t-eolas céanna mar an gcéanna i scoil eile áitiúil uirbeach?

Cén chaoi a bhféadfadh muid fáil amach?

Seisiún Díospóireachta

Sa seisiún seo pléann na páistí páirteanna den cheacht.

- “Céard a rinne muid inniu?” Faigh na príomhtheachtaireachtaí ó na páistí trí cheisteanna a chur orthu.
- “Lig ort go bhfuil tú ag míniú an chiorcail le sonraí a bhailiú do do pháirtí – an féidir leat an t-ord ina tharlaíonn an ciorcal a insint dó/dí?”
- “Is féidir sonraí a úsáid le tuairimí nó tréithe grúpa daoine a thaispeáint – cén chaoi a ndearna muid é sin inár rang? Cén chaoi a mbaintear úsáid as sonraí ag leibhéal scoile?”
- “Is féidir le bailiú agus míniú sonraí cúnamh a thabhairt le planáil don todhchaí – cén chaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint as na sonraí a bhailigh muid sa Dhaonáireamh Ranga le planáil don todhchaí?”
- “Tá bealaí éagsúla ann le sonraí a chur in iúl – cén cineálacha graif a d’úsáid muid? Cén graif a cheapann tú is fearr a oibríonn? Cén fáth? “

Obair bhreise

- Cruthaigh/ cuir le clár tionscnaimh don Daonáireamh Ranga.
- Smaoineamh cé na fadhbanna eile a bhféadfaí réiteach ag baint úsáide as na sonraí bailithe. D'fhéadfadh trí nó ceithre ghrúpa páistí fadhb a aimsiú le réiteach agus ansin an próiseas a leanúint agus a ngraif chríochnaithe a chur i láthair an ranga.
- Bailigh sonraí ó rang nó ranganna eile taobh istigh den scoil agus cuir i gcomparáid iad le sonraí ó do rang féin. D'fhéadfadh beirteanna nó grúpaí páistí é seo a dhéanamh. An bhfuil na torthaí mar an gcéanna nó an bhfuil aon difríochtaí ann? Cén fáth go bhfuil/nach bhfuil?

Naisc Bhaile/scoile

- D'fhéadfadh na páistí foirm dhaonáirimh a dhearadh lena dtuismitheoirí/caomhnóirí.
- Déan an Fhoirm don Daonáireamh Ranga a phlé sa bhaile le do theaghlach agus déan cinneadh maidir le aon cheisteanna eile go bhféadfaí a bheith san áireamh.
- Déan fotachóip de na graif ghrúpa ionas gur féidir le gach páiste ceann a thabhairt abhaile agus é a phlé lena dteaghlach.
- Tabhair cuairt ar www.cso.ie agus scrúdaigh cuid den eolas atá bailithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

Ceisteanna Nua i nDaonáireamh 2011		
Ábhar	Ceist	Tuairiscí
C. 15 Teanga Eile	<div><div>15</div><div>An labhraíonn tú teanga seachas Béarla nó Gaeilge sa bhaile?</div><div><div>1</div><div><input type="radio"/></div>Labhraíonn</div><div><div>2</div><div><input type="radio"/></div>Ní Labhraíonn</div></div> <div><div>Téigh ar aghaidh chuig C16</div></div> <div>Cén teanga í sin?</div> <div><div><div></div><div></div><div></div><div></div><div></div><div></div><div></div><div></div><div></div><div></div></div><div><div></div><div></div><div></div><div></div><div></div><div></div><div></div><div></div><div></div><div></div></div></div> <div>(e.g. POLAINNIS, GEARMÁINIS, TEANGA CHOMHARTHAÍOCHTA NA hÉIREANN)</div> <div>Cén cumas labhartha an Bhéarla atá agat?</div> <div>Marcáil <input type="radio"/> in aon bhosca amháin.</div> <div><div>1</div><div><input type="radio"/></div>An-mhaith</div> <div><div>2</div><div><input type="radio"/></div>Go maith</div> <div><div>3</div><div><input type="radio"/></div>Go dona</div> <div><div>4</div><div><input type="radio"/></div>Ní labhraíonn</div>	<p>Ceist nua do 2011. Inseoidh na freagraí ar an gceist seo dúinn cé na teangacha eile a labhraítear sa bhaile agus leibhéal an chumais i mBéarla labhartha i measc daoine a labhraíonn teanga seachas Béarla nó Gaeilge sa bhaile.</p> <p>Tabharfaidh an cheist sonraí maidir leis na teangacha seachas Béarla nó Gaeilge a labhraítear i dteaghlaigh.</p> <p>Tabharfaidh sí eolas freisin maidir le caighdeán an Bhéarla a labhraíonn daoine a bhfuil teanga eile seachas Béarla acu mar theanga dhúchais. Is féidir an t-eolas seo a úsáid le hacmhainní stáit a dhíriú ar réimsí ar nós oideachas agus sláinte le tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil deacrachtaí acu le Béarla a labhairt.</p>
C. 18 Sláinte Ghinearálta	<div><div>18</div><div>Conas atá do shláinte ghinearálta?</div><div>Marcáil <input type="radio"/> in aon bhosca amháin.</div><div><div>1</div><div><input type="radio"/></div>An-mhaith</div><div><div>2</div><div><input type="radio"/></div>Go maith</div><div><div>3</div><div><input type="radio"/></div>Réasúnta</div><div><div>4</div><div><input type="radio"/></div>Go dona</div><div><div>5</div><div><input type="radio"/></div>An-dona</div></div>	<p>Ceist nua do 2011. Iarrtar ar gach duine cén chaoi a bhfuil a sláinte ghinearálta. Léiríonn staidéir naisc láidre idir an dearcadh atá ag daoine ar a sláinte agus fíor stad a sláinte. Tabharfaidh na freagraí ar an gceist seo pictiúr de shláinte daoine trasna na tíre agus cén gaol atá idir sláinte agus fachtóirí éagsúla, mar shampla aois, &rl.</p> <p>Tá fianaise ann go bhfuil baint idir sonraí bailithe ón gceist seo agus leibhéal chúraim sláinte sa todhchaí. Is ceist í seo atá in úsáid freisin i dTuaisceart Éireann agus mar seo beidh staitisticí don “oileán iomlán” ar fáil.</p>

Daonáireamh 2016 ~ Príomhcheisteanna

Daonáireamh
2016 AIBREÁN 24
GLAC DO PHÁIRT

Daoine i láthair Oíche an Daonáirimh

- + Ainm
- + Gnéas
- + Dáta Breithe
- + Áit bhreithe
- + Náisiúntacht
- + Áit ghnáthchonaithe ar dáta an daonáirimh
- + Stádas pósta
- + Creideamh
- + Gaeilge
- + Teanga seachas Gaeilge nó Béarla
- + Míchumas
- + Sláinte Ghinearálta
- + Modh taistil chun oibre, scoile nó coláiste
- + Achar le taisteal
- + Am tógtha
- + Oideachas
- + Cúram do dhaoine eile le tinneas nó míchumas
- + Gairm Bheatha



Tréithe an Teaghlaigh

- + Cineál lóistín
- + Bliain ar tógadh an teach
- + Cíos íoctha
- + Líon seomraí
- + Téamh lárnach
- + Soláthar uisce
- + Áiseanna séarachais
- + Líon carranna agus veain
- + Úinéireacht RP
- + Ceangal Idirlín





Foirm Dhaonáirimh Ranga

1. Ainm: _____
2. An bhfuil tú fireann nó baineann? _____
3. Náisiúntacht _____
4. Cé mhéad daoine i do theaghlach? _____
5. Teangacha á labhairt seachas Gaeilge nó Béarla:

6. Cé chomh sláintiúil a cheapann tú atá tú?

An-sláintiúil ☐ Sláintiúil ☐

Níl mé an-sláintiúil ☐ An-mhí shláintiúil ☐

1. Cén cineál lóistín a chónaíonn tú ann?

Scoite ☐ Leath-scoite ☐ Sraith ☐

Arasán ☐ Eile _____

2. Cuir tic sa bhosca má tá ceann acu seo agat (is féidir tic a chur i níos mó ná bosca amháin):

Fón póca gan Idirlíon ☐ Le Idirlíon ☐

Ríomhaire baile gan Idirlíon ☐ Le Idirlíon ☐

Do ríomhaire féin ☐ Do theilifís féin ☐

i-pod/seinnteoir soghluaiste meán ☐ Consól cluichí ☐

3. Cé acu de na modhanna seo is mó a úsáideann tú le cumarsáid a dhéanamh le do chairde (Tic amháin)

Go pearsanta ☐ Guthán (líne baile) ☐

Teachtaireacht téacs ☐ Ríomhphost ☐

Scór don Daonáireamh Ranga

Bímís ag comhaireamh

Cé mhéad daoine sa rang?

Cé mhéad buachaillí sa rang?

Cé mhéad cailíní sa rang?

Cé mhéad daoine i do theaghlach?:

1	2	3	4	5	6
7	8	9	10	Eile	

Náisiúntacht inár Seomra ranga:

Éireannach					

Teangacha a labhraíonn páistí inár Seomra ranga:

Ceacht a 3. Rang a Cúig/Sé

Chomh sláintiúil a cheapann muid atá muid!

An-sláintiúil	Sláintiúil	Níl an-sláintiúil	An-mhí shláintiúil

Cén chaoi a dtagann muid ar scoil:

Ag siúl	Rothar	Bus	Carr	Eile

Achar a thaistealaíonn muid chun na scoile:

< 5 km	5-10 km	10-15 km	15-20 km	Eile

Cén cineál lóistín a chónaíonn tú ann?

Scoite	Leath-Scoite	Sraith	Arasán	Eile

Cé mhéad le R.P. sa bhaile?

Cé mhéad le fáil ar an idirlíon sa bhaile?



Scór Teaghlaigh



Fiosraigh cé mhéad daoine atá inár dteaghlaigh...

San fhiosrúchán seo, ciallaíonn 'teaghlach' na daoine lena gcónaíonn tú NÓ líon na ndaoine i do theaghlach.

Cé mhéad i do theaghlach?		
Líon Daoine	Scór \ IIII	Iomlán
2		
3		
4		
5		
6		
7		
8		
9		
10		
11		
12		



Blocghraf


[illegible]

Barrachairt

10									
9									
8									
7									
6									
5									
4									
3									
2									
1									
<u>Cé mhéad inár dteaghlaigh?</u>									



Graf barralíne



Plota Líne

